Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0011(NLE)**

**12080/23**
**ADD 2**

**SOC 553**
**EMPL 390**
**SAN 468**
**GENDER 168**
**ANTIDISCRIM 159**
**FREMP 221**
**ILO 8**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-iarrtar ar na Ballstáit an Coinbhinsiún maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair a dhaingniú, chun leasa an Aontais Eorpaigh<br>- Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an ábhar thuasluaite i bhfianaise chruinniú na Comhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 18 Meán Fómhair 2023. Cuirfear an ráiteas i miontuairiscí chruinniú na Comhairle

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach**

Glacadh an Coinbhinsiún maidir le foréigean agus ciapadh, 2019 (Uimh. 190) de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) le linn Chomóradh Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus tá sé ríthábhachtach é a dhaingniú go forleathan chun deireadh éifeachtach a chur leis an bhforéigean agus leis an gciapadh ag an obair. Is ionstraim dlí idirnáisiúnta é an Coinbhinsiún EIS nua seo a bhfuil géarghá léi chun an ceart atá ag gach duine chun saol oibre atá saor ón bhforéigean agus ón gciapadh a chosaint. Thíolaic an Coimisiún a thogra maidir le creat iomchuí an Aontais a chur ar fáil le go ndaingneodh na Ballstáit é, ceann ar cheann, le haghaidh na n-ábhar a thagann faoi inniúlacht an Aontais, rud a thógann ar an ról tábhachtach atá ag an Aontas agus a Bhallstáit sa phróiseas as ar ghlac EIS an Coinbhinsiún maidir le foréigean agus ciapadh. Níor cheart go gcuirfeadh aon deacracht a bheadh ag Ballstát áirithe an Coinbhinsiún a dhaingniú cosc ar phróiseas daingniúcháin na mBallstát eile chun gur féidir leis an Aontas dul chun cinn a dhéanamh.